


An Ghaeilge in Acaill

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin nGaeilge in Acaill, Contae Mhaigh Eo. Cén Ghaeilge atá ar na focail seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- to face something
- catastrophic drop
- population
- census
- in the English speaking area
- lack of courage
- reluctance
- broadband
- settle
- actions
- policies

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.



Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad a léirigh an suirbhé a rinne Coiste Pleanála Teanga Acla?
2. Cad a léirigh an daonáireamh faoi dhaonra Acla?
3. Cad atá a dhíth ar phobal Acla, de réir Majella Uí Ghallchóir?

Ceist 3

Scríobh amach na huimhreacha seo i bhfocail agus mínigh cén fáth ar luadh iad.

- 1 as 5
- 2,000
- 1,000
- 2 (bliain)
- 7 (bliain)
- 19%

Ceist 4 ‘...níos airde...’

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
2. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla seo – is airde?
3. Bain úsáid as na haidiachtaí neamhrialta (sa chiorcal) thíos chun comparáid a dhéanamh, leis an duine in aice leat, idir na nithe sa bhosca.

Mar shampla: *Tá sléibhte níos áille ná aibhneacha.*

sléibhte aibhneacha an tuath cathracha an fharraige cait madraí Mercedes Benz Ford Na Stáit Aontaithe An Chóiré Thuaidh pizza stobhach Gaelach sneachta fearthainn an geimhreadh an samhradh	álainn, beag, breá, dian, fada, fliuch, furasta, gearr, leathan, maith, mór, olc, ramhar, saibhir, tapa, te, tréan
--	---

Ceist 5 Féach ar an mír arís, gan aon fhuaim. Déan cuir síos ar Acaill ón méid a fheictear dúinn sa tuairisc.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An labhraítear Gaeilge san áit a bhfuil tú féin i do chónaí?
2. Conas is féidir an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga labhartha in áiteanna ar nós Acla?
3. Ní labhrófar an Ghaeilge go laethúil in aon áit in Éirinn i gceann fiche bliain. Pléigh.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

face something – *aghaidh a thabhairt ar rud*
catastrophic drop – *titim thubaisteach*
population – *daonra*
census – *daonáireamh*
in the English speaking area – *sa cheantar Galltacha*
lack of courage – *easpa misnigh*
reluctance – *drogall*
broadband – *leathanbhanda*
settle – *lonnú*
actions – *gníomhartha*
policies – *beartais*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

1 as 5: duine as gach cúigear a labhraíonn Gaeilge in Acaill
2,000: dhá mhíle duine a chónaíonn i gceantar Gaeltachta
1,000: míle duine atá ag maireachtáil i gceantar Galltacha
2 (bliain): bunaíodh Coiste Pleanála Teanga Acla dhá bhliain ó shin
7 (bliain): bunaíodh Coiste Pleanála Teanga Acla chun plan teanga seacht mbliana a chur chun cinn ar an oileán
19%: labhraíonn naoi déag faoin gcéad de phobal Acla an Ghaeilge gach lá

Ceist 4

1. Breischéim na haidiachta.
2. Sárchéim na haidiachta.
3. Féach:

álainn – níos/is áille
beag - níos/is lú
breá – níos/is breátha
dian – níos/is déine
fada – níos/is faide
fliuch – níos/is fliche
furasta – níos/is fusa
gearr – níos/is giorra
leathan – níos/is leithne
maith – níos/is fearr
mór – níos/is mó
olc – níos/is measa
ramhar – níos/is raimhre
saibhir – níos/is saibhre
tapa – níos/is tapa
te – níos/is teo
tréan – níos/is tréine

Ceist 5

Is léir go bhfuil sé gaofar ar an oileán. Tá sléibhte, cnoic agus aillte ann. Tá páirceanna breátha glasa le feiceáil sa mhír, chomh maith le portaigh. Léirítear fothrach tí faoi bhinn sléibhe. Tá cuma fhiáin agus thuathe ar an oileán. Tá an fharraige ar an chósta Atlantaigh suaite go maith. Tá na tonnta ag briseadh ar an trá agus ar na carraigeacha. Tá an fharraige níos socra sa chuan.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Duine as gach cúigear a labhraíonn Gaeilge gach uile lá anois in Acaill, i gContae Mhaigh Eo, de réir suirbhé atá déanta ag Coiste Pleanála Teanga Acla. Deir an coiste go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar an titim thubaisteach atá ar an daonra in Acaill, agus ar an easpa fostaíochta ar an oileán, má táthar leis an Ghaeilge a thabhairt slán.

Eibhlín Ní Choistealbha

De réir Dhaonáireamh 2016, breis is 3,000 duine atá ag maireachtaint¹ in Acaill, i gContae Mhaigh Eo. Tá 2,000 acu sin lonnaithe i gceantar Gaeltachta an oileáin; agus níos lú ná 1,000 sa cheantar Galltachta.

Is múinteoir bunscoile í Majella Uí Ghallchóir agus is í an rúnaí ar Choiste Pleanála Teanga Acla, a bunaíodh dhá bhliain ó shin, chun plean teanga seacht mbliana d'Acaill a chur le chéile. Léiríonn suirbhé a dhein² an Coiste mar chuid den bplean atá á dhéanamh acu, gur 19% de phobal Acla atá anois ag labhairt na Gaolainne gach aon lá.

Majella Uí Ghallchóir, Rúnaí Choiste Pleanála Teanga Acla

Léiríonn an suirbhé sin go bhfuil muintir Acla an-dearfach ó thaobh na Gaeilge de. Nílimid róshásta ó thaobh líon na ndaoine a mhaíonn nó a deir go labhraíonn siad an Ghaeilge go laethúil, ach caithfimid tógáil air sin. Creidim féin go bhfuil sé i bhfad níos airde ná sin ach go bhfuil easpa misnigh...drogall ar dhaoine. Tá a fhios againn céard atá ag teastáil ó na daoine: níos mó ranganna, níos mó Gaeilge a chloisteáil, níos mó comharthaí. An dúshlán atá againn anois ná céard gur féidir linn, mar choiste, a dhéanamh chun na gníomhartha seo a chur isteach sa phlean, agus go nglacfar leis.

Tomás Mac Sheáin, Coiste Pleanála Teanga, Acla

Mura dtagann fostaíocht éigint³, b'fhéidir córas leathanbhanda nó rud éigint, cén chaoi a dtig linn iarraidh ar chlanna teacht ar ais as Sasana nó as áiteanna eile agus lonnú in Acaill. Mar...teastaíonn daoine uainn. Gan daoine níl aon teanga, ach mura mbíonn fostaíocht ann, ní thiocfaidh na daoine ar ais.

Eibhlín Ní Choistealbha

Beidh cruinniú ag Coiste Pleanála Teanga Acla anocht chun pobal Acla a chur ar an eolas faoi thorthaí an tsuirbhé agus chun gnímh⁴ agus beartais a shocrú chun dul i ngleic leis na torthaí sin. Tá súil ag an gcoiste go mbeidh an plean teanga réitithe faoin mhí seo chugainn.

¹ *mairachtáil* an leagan caighdeánach

² *a rinne* an leagan caighdeánach

³ *éigin* an leagan caighdeánach

⁴ *gníomhartha* an leagan caighdeánach